AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.11.2014
COM(2014) 715 final

2014/0339 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Is tosaíocht ag an gCoimisiún a áirithiú go gcoinnítear *acquis* reachtach AE cothrom le dáta agus oiriúnach dá fheidhm. Sa chomhaontú idirinstitiúideach an 16.12.2003 maidir le reachtóireacht níos fearr[1] d'aontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún gur cheart an líon dlíthe atá ag an Aontas Eorpach a laghdú trí na gníomhartha nach bhfuil á gcur i bhfeidhm níos mó a aisghairm. Ba cheart na gníomhartha sin a bhaint as *acquis* dlí an Aontais Eorpaigh chun trédhearcacht a fheabhsú agus níos mó cinnteachta a thabhairt do na saoránaigh uile agus na Ballstáit uile.

Tá an méid sin i gcomhréir le beartas an Choimisiúin maidir le hOiriúnacht Rialála. I dTeachtaireacht uaidh i mí an Mheitheamh 2014 maidir le 'Clár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT): An Staid mar atá agus mar a bheidh'[2], chuir an Coimisiún in iúl go raibh sé ag déanamh scagadh ar an *acquis* i ndáil le comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla chun na gníomhartha a d'fhéadfaí a aisghairm a aithint i bhfianaise na hidirthréimhse atá leagtha amach sna Conarthaí a bheith istigh.

Tá measúnú curtha i gcrích ag an gCoimisiún ar na gníomhartha dlíthiúla a bhaineann le réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, lena n-áirítear an *acquis* tríú colún a bhí ann roimhe seo. Is ann do roinnt gníomhartha a glacadh le fiche nó tríocha bliain anuas nach bhfuil aon éifeacht leo a thuilleadh. Níl siad ábhartha a thuilleadh mar ba ghníomhartha sealadacha iad nó tá a bhfuil iontu le fáil i ngníomhartha eile a tháinig ina ndiaidh. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, tá sé molta ag an gCoimisiún go gcúlghairfeadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na bearta dá dtagraítear sa togra seo.

I. Le *Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/610/CGB ón gComhairle*[3] *cruthaíodh Eolaire inniúlachtaí, scileanna agus saineolais speisialaithe frithsceimhlitheoireachta* sa chaoi go mbeadh fáil níos forleithne orthu agus go mbeidís ar fáil go héasca do ghníomhaireachtaí i ngach Ballstát, rud a chuirfeadh le hacmhainn frithsceimhlitheoireachta na mBallstát. Tá an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach sin imithe as feidhm ó cuireadh an cúram ar Europol, le Cinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle[4], tacú le bearta agus comhar coiteann údaráis inniúla na mBallstát agus iad a neartú, chun sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac, agus ó tugadh creat nua isteach le Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle[5] (ar a dtugtar Cinneadh Prüm), ar mhaithe le comhar trasteorann chun sceimhlitheoireacht a chomhrac.

II. *Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/699/CGB ón gComhairle*[6] *maidir le malartú faisnéise faoi phróifíliú ceimiceach drugaí chun comhrac na gáinneála aindleathaí drugaí a éascú.* Tá

---

1 IO C 321, 31.12.2003, lch. 1.

2 COM(2014) 368 final, 18.6.2014.

3 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/610/CGB an 15 Deireadh Fómhair 1996 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le hEolaire inniúlachtaí, scileanna agus saineolais speisialaithe frithsceimhlitheoireachta a chruthú agus a choinneáil chun comhar frithsceimhlitheoireachta idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh a éascú (IO L 273, 25.10.1996, lch. 1).

4 Cinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle an 6 Aibreán 2009 lena mbunaítear an Oifig Eorpach Póilíní (Europol) (IO L 121, 15.5.2009, lch. 37).

5 Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

6 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/699/CGB ón gComhairle an 29 Samhain 1996 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le malartú faisnéise faoi phróifíliú ceimiceach drugaí chun comhar feabhsaithe a éascú idir na Ballstáit sa chomhrac i gcoinne na gáinneála aindleathaí drugaí (IO L 322, 12.12.1996, lch. 5).

an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach sin imithe as feidhm ó tháinig Cinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle[7] i bhfeidhm, cinneadh lena mbunaítear Europol agus inar ionchorpraíodh an tAonad Drugaí a bhíodh ann agus ó tháinig an Coinbhinsiún maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh[8] i bhfeidhm, coinbhinsiún ina ndéantar foráil maidir le comhar níos forleithne idir na Ballstáit i réimse an bheartais drugaí.

III. *Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/747/CGB ón gComhairle*[9] *chun an comhar idir na gníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí sna Ballstáit a neartú trí chúnamh a thabhairt sa chomhar maidir le coireacht a chomhrac ar fud an Aontais Eorpaigh.* Tá an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach sin imithe as feidhm ó cuireadh an cúram ar Europol, le Cinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle[10], eolas speisialaithe a chur ar nósanna imeachta imscrúdaitheacha údaráis inniúla na mBallstát agus comhairle a thabhairt do na húdaráis náisiúnta faoi imscrúduithe. Ina theannta sin, tar éis gur cheap Europol Ardán Europol do Shaineolaithe (EPE), rinne ceannairí Aonad Náisiúnta Europol sna Ballstáit (HENU) an cinneadh an 16 Feabhra 2012 an t-eolaire dár foráladh i nGníomhaíocht Chomhpháirteach 96/747/CGB a dhúnadh.

IV. *Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/750/CGB ón gComhairle*[11] *maidir le comhfhogasú na ndlíthe agus na gcleachtas chun an andúil i ndrugaí a chomhrac agus an gháinneáil aindleathach drugaí a chomhrac.* Tá an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach sin imithe as feidhm ó tháinig an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh[12] i bhfeidhm, coinbhinsiún ina ndéantar foráil maidir le comhar níos forleithne idir na Ballstáit i réimse an bheartais drugaí agus ó tháinig Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle[13] i bhfeidhm, cinneadh maidir le forálacha íosta i dtaca le gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí drugaí lenar leagadh síos rialacha níos déine maidir le sainmhínithe ar ghníomhartha áirithe coiriúla i réimse an bheartais drugaí agus smachtbhannaí ina leith.

---

7 Cinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle an 6 Aibreán 2009 lena mbunaítear an Oifig Eorpach Póilíní (Europol) (IO L 121, 15.5.2009, lch. 37).

8 Coinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000, a bhunaigh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh.

9 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/747/CGB ón gComhairle an 29 Samhain 1996 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le heolaire inniúlachtaí, scileanna agus saineolais speisialaithe a chruthú agus a choinneáil i dtaca leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe idirnáisiúnta, chun comhar i bhforfheidhmiú an dlí idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh a éascú (IO L 342, 31.12.1996, lch. 2).

10 Cinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle an 6 Aibreán 2009 lena mbunaítear an Oifig Eorpach Póilíní (Europol) (IO L 121, 15.5.2009, lch. 37).

11 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/750/CGB ón gComhairle an 17 Nollaig 1996 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le comhfhogasú dhlíthe agus chleachtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh chun an andúil i ndrugaí a chomhrac agus chun an gháinneáil aindleathach drugaí a chosc agus a chomhrac (IO L 342, 31.12.1996, lch. 6).

12 Coinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000, a bhunaigh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontas Eorpaigh agus an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, a bhunaigh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (IO C 326, 21.11.2001).

13 Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí drugaí (IO L 335, 11.11.2004, lch. 8).

V. Le *Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/339/CGB ón gComhairle*[14] *bhí na Ballstáit in ann obair i gcomhar le chéile agus tugadh an t-údarás dóibh faisnéis a roinnt maidir le himeachtaí mórscála chun riail agus reacht a chaomhnú agus cionta coiriúla a chosc*. Tá an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach sin imithe as feidhm ó tháinig Cinneadh 2008/615/CGB (ar a dtugtar Cinneadh Prüm) ón gComhairle[15] isteach, cinneadh lenar tugadh isteach creat nua maidir le comhar chun an t-ord poiblí agus an tslándáil a chaomhnú i gcás mórimeachtaí agus sonraí a mhalartú. Ina theannta sin, le Cinneadh 2002/348/CGB ón gComhairle[16] agus Cinneadh 2007/412/CGB ón gComhairle[17] bunaíodh Pointí Náisiúnta Faisnéise Sacair chun comhar idirnáisiúnta póilíneachta agus malartú faisnéise i dtaca le cluichí sacair lena mbaineann gné idirnáisiúnta a chomhordú agus a éascú.

VI. Bhí sé d'aidhm ag Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/372/CGB ón gComhairle[18] malartú faisnéise agus eolais a mhéadú idir údaráis chustaim agus údaráis eile um fhorfheidhmiú an dlí, go háirithe maidir le drugaí. Tá an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach sin imithe as feidhm ó tháinig Coinbhinsiún Napoli[19] i bhfeidhm, coinbhinsiún ina ndéantar foráil maidir le rialacha níos mionsonraithe i ndáil leis an gcúnamh agus comhar frithpháirteach idir na Ballstáit chun sáruithe forálacha náisiúnta custaim a chosc agus a bhrath, agus sáruithe forálacha custaim Comhphobail agus náisiúnta a ionchúiseamh agus pionós a ghearradh ina leith. Ina theannta sin, le Cinneadh 2009/917/CGB ón gComhairle[20] méadaíodh ar éifeachtacht nósanna imeachta comhair agus rialaithe na n-údarás custaim trí chóras faisnéise custaim (CIS) a bhunú chun sáruithe reachtaíocht custaim nó talmhaíochta an Chomhphobail a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Anuas air sin, le Cinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle, cuireadh an cúram ar Europol tacú le comhar custaim.

VII. Tá *Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/427/CGB ón gComhairle*[21] *maidir le dea-chleachtas i gcúnamh frithpháirteach dlíthiúil* in Ábhair Choiriúla as feidhm ó tháinig an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh[22] i bhfeidhm, coinbhinsiún ina ndéantar foráil maidir le comhar níos forleithne in

---

14 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/339/CGB ón gComhairle an 26 Bealtaine 1997 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le comhar i dtaca le riail agus reacht agus slándáil (IO L 147, 5.06.1997, lch. 1).

15 Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

16 Cinneadh 2002/348/CGB ón gComhairle an 25 Aibreán 2002 maidir le slándáil i dtaca le cluichí sacair idirnáisiúnta (IO L 121, 8.5.2002, lch. 1).

17 Cinneadh 2007/412/CGB ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007 lena leasaítear Cinneadh 2002/348/CGB maidir le slándáil i dtaca le cluichí sacair idirnáisiúnta (IO L 155, 15.6.2007, lch. 76).

18 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/372/CGB ón gComhairle an 9 Meitheamh 1997 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, chun critéir spriocdhírithe, modhanna roghnúcháin, etc. a scagadh agus faisnéis chustaim agus phóilíneachta a bhailiú (IO L 159, 17.6.1997, lch. 1).

19 Gníomh 98/C 24/01 ón gComhairle an 18 Nollaig 1997 lena ndréachtaítear, ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Coinbhinsiún um chúnamh agus comhar frithpháirteach idir lucht riaracháin custaim (IO C 24, 23.1.1998).

20 Cinneadh 2009/917/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le húsáid teicneolaíochta faisnéise chun críocha custaim (IO L 323, 10.12.2009, lch. 20).

21 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/427/CGB ón gComhairle an 29 Meitheamh 1998 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le dea-chleachtas i gcúnamh frithpháirteach dlíthiúil in ábhair choiriúla.

22 Coinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000, a bhunaigh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir

ábhair choiriúla idir na Ballstáit.

VIII. *Gníomh ón gComhairle an 3 Nollaig 1998 lena leagtar síos na rialacháin foirne is infheidhme maidir le fostaithe Europol*[23] a bhfuil feidhm acu maidir leis na baill foirne a d'fhostaigh Europol sular tháinig Cinneadh 2009/371/CGB i bhfeidhm. Mar sin féin, tiocfaidh deireadh go luath leis na conarthaí fostaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair, rud a fhágfaidh nach mbeidh feidhm ag na rialacháin foirne sin níos mó. Faoi na forálacha idirthréimhseacha atá beartaithe faoin togra seo áirithítear go mbeidh na conarthaí fostaíochta sin fós á rialú ag an ngníomh sin go dtí go dtiocfaidh deireadh leo.

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

An Coimisiún agus ionadaithe na mBallstát agus ionadaithe Ardrúnaíocht na Comhairle laistigh de Mheitheal Chairde na hUachtaránachta, meitheal a bunaíodh d'fhonn gach ceist a bhaineann le deireadh na hidirthréimhse 5 bliana atá leagtha amach in Airteagal 10 de Phrótacal 36 a ghabhann leis na Conarthaí a scrúdú, bhí siad i mbun idirphlé le linn 2014 d'fhonn na bearta dlíthiúla san *acquis* tríú colún a bhí ann roimhe seo, ar bearta iad atá imithe as feidhm, a aithint.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Achoimre ar na bearta atá beartaithe

Déantar roinnt beart dlíthiúil san *acquis* tríú colún a bhí ann roimhe seo, ar bearta iad atá imithe as feidhm, a aisghairm leis an togra seo.

Bunús dlí

Is é Airteagal 87(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí atá le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/610/CGB ón gComhairle a aisghairm.

Is é Airteagal 87(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí atá le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/699/CGB ón gComhairle a aisghairm.

Is é Airteagal 88(2)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí atá le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/747/CGB ón gComhairle a aisghairm.

Is é Airteagal 83(1) agus Airteagal 87(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí atá le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/750/CGB ón gComhairle a aisghairm.

Is é Airteagal 87(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí atá le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/339/CGB ón gComhairle a aisghairm.

Is é Airteagal 87(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí atá le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/372/CGB a aisghairm.

Is é Airteagal 82(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí atá le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/427/CGB ón gComhairle a aisghairm.

Is é Airteagal 88(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí atá leis an nGníomh ón gComhairle an 3 Nollaig 1998 lena leagtar síos na rialacháin foirne is infheidhme maidir le Europol

---

Ballstáit an Aontas Eorpaigh agus an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, a bhunaigh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (IO C 326, 21.11.2001).

[23] IO C 026, 30.1.1999, lch. 23.

a aisghairm.

Prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta

Tá na bearta lena mbaineann an togra seo an togra seo imithe as feidhm, mar tá a bhfuil iontu le fáil i gníomhartha eile a tháinig ina ndiaidh nó níl siad ábhartha níos mó mar ba ghníomhartha sealadacha iad. Dá bhrí sin, tá sé i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta na bearta sin a aisghairm. Is faoi reachtóir an Aontais atá sé na bearta is gá a ghlacadh chuige sin.

Rogha ionstraime

An ionstraim atá beartaithe: Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Foráiltear in Airteagal 88(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go gcinnfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle struchtúr, oibríocht, réimse gníomhaíochta agus cúraimí Europol trí bhíthin rialachán.

Dá bhrí sin, is é rialachán an cineál gnímh dá bhforáiltear go sainráite san fhoráil seo de chuid an dlí phríomha.

4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra.

2014/0339 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 82(1), 83(1), 87(2) agus 88(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach[24],

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is gné riachtanach den straitéis um reachtóireacht níos fearr atá á cur chun feidhme ag institiúidí an Aontais trédhearcacht dhlí an Aontais a fheabhsú . Sa chomhthéacs sin, is iomchuí na gníomhartha sin nach bhfuil aon chuspóir acu a thuilleadh a bhaint as an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

(2) Is ann do roinnt gníomhartha a glacadh i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus atá imithe as feidhm mar ba ghníomhartha sealadacha iad nó tá a bhfuil iontu le fáil i ngníomhartha eile a tháinig ina ndiaidh, cé nár aisghaireadh iad.

(3) Le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/610/CGB ón gComhairle[25] cruthaíodh Eolaire inniúlachtaí, scileanna agus saineolais speisialaithe frithsceimhlitheoireachta sa chaoi go mbeadh fáil níos forleithne orthu agus go mbeidís ar fáil go héasca do ghníomhaireachtaí i ngach Ballstát. Tá an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach sin imithe as feidhm ó cuireadh an cúram ar Europol, le Cinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle[26], tacú le bearta agus comhar coiteann údaráis inniúla na mBallstát agus iad a neartú chun sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac, agus ó tugadh creat nua isteach le Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle[27], ar mhaithe le comhar trasteorann chun sceimhlitheoireacht a chomhrac.

---

24 XXX

25 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/610/CGB an 15 Deireadh Fómhair 1996 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le hEolaire inniúlachtaí, scileanna agus saineolais speisialaithe frithsceimhlitheoireachta a chruthú agus a choinneáil chun comhar frithsceimhlitheoireachta idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh a éascú (IO L 273, 25.10.1996, lch. 1).

26 Cinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle an 6 Aibreán 2009 lena mbunaítear an Oifig Eorpach Póilíní (Europol) (IO L 121, 15.5.2009, lch. 37).

27 Cinneadh ón gComhairle 2008/615/CGB an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

(4) Faoi Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 96/699/CGB ón gComhairle[28] ainmníodh Aonad Drugaí Europol mar an t-údarás ar cheart faisnéis ó na Ballstáit i dtaca le próifíliú ceimiceach a sheoladh chuige. Tá an ghníomhaíocht chomhpháirteach sin imithe as feidhm ó tháinig Cinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle[29] agus an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir na Ballstáit i bhfeidhm[30].

(5) Bhí sé d'aidhm ag Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/747/CGB ón gComhairle[31] an comhar idir na gníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí sna Ballstáit a neartú trí eolaire réimsí inniúlachtaí, scileanna agus saineolais speisialaithe a chruthú. Tá an ghníomhaíocht chomhpháirteach sin imithe as feidhm ó tháinig Cinneadh 2009/371/CGB i bhfeidhm, cinneadh lenar cuireadh an cúram ar Europol eolas speisialaithe a chur ar nósanna imeachta imscrúdaitheacha údaráis inniúla na mBallstát agus comhairle a thabhairt do na húdaráis náisiúnta faoi imscrúduithe.

(6) Bhí sé d'aidhm ag Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/750/CGB ón gComhairle[32] dó an comhar idir údaráis ábhartha na mBallstát sa chomhrac i gcoinne na handúile i ndrugaí a neartú agus iarraidh ar na Ballstáit a ndlíthe a chomhfhogasú agus iad a chur i gcomhréir le chéile a mhéid is gá chun an gháinneáil aindleathach drugaí a chosc agus a chomhrac san Aontas. Tá an ghníomhaíocht chomhpháirteach sin imithe as feidhm ó tháinig an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm agus ó tháinig Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle[33] i bhfeidhm.

(7) Le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/339/CGB ón gComhairle[34], bhí na Ballstáit in ann obair i gcomhar le chéile agus tugadh an t-údarás dóibh faisnéis a roinnt maidir le himeachtaí ar mhórscála ar a bhfreastalaíonn líon mór daoine ó níos mó ná Ballstáit amháin, chun riail agus reacht a chaomhnú, daoine agus a gcuid maoine a chosaint, agus cionta coiriúla a chosc. Tá an ghníomhaíocht chomhpháirteach sin imithe as

---

28 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/699/CGB ón gComhairle an 29 Samhain 1996 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le malartú faisnéise faoi phróifíliú ceimiceach drugaí chun comhar feabhsaithe a éascú idir na Ballstáit sa chomhrac i gcoinne na gáinneála aindleathaí drugaí (IO L 322, 12.12.1996, lch. 5).

29 Cinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle an 6 Aibreán 2009 lena mbunaítear an Oifig Eorpach Póilíní (Europol), (IO L 121, 15.5.2009, lch. 37).

30 Coinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000, a bhunaigh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontas Eorpaigh (IO C 197, 12.7.2000, lch. 3) agus an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, a bhunaigh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (IO C 326, 21.11.2001, lch. 1).

31 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/747/CGB an 29 Samhain 1996 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le heolaire inniúlachtaí, scileanna agus saineolais speisialaithe a chruthú agus a choinneáil i dtaca leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe idirnáisiúnta, chun comhar i bhforfheidhmiú an dlí idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh a éascú (IO L 342, 31.12.1996, lch. 2).

32 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 96/750/CGB ón gComhairle an 17 Nollaig 1996 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le comhfhogasú dhlíthe agus chleachtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh chun an andúil i ndrugaí a chomhrac agus chun an gháinneáil aindleathach drugaí a chosc agus a chomhrac (IO L 342, 31.12.1996, lch. 6).

33 Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí drugaí (IO L 335, 11.11.2004, lch. 8).

34 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/339/CGB an 26 Bealtaine 1997 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le comhar i dtaca le riail agus reacht agus slándáil (IO L 147, 5.6.1997, lch. 1).

feidhm ó tháinig Cinntí 2008/615/CGB[35], 2002/348/CGB[36] agus 2007/412/CGB[37] i bhfeidhm, cinntí ina ndearnadh foráil maidir le rialacha nua i ndáil le malartú sonraí pearsanta agus neamhphearsanta agus cineálacha eile comhair chun an t-ord poiblí agus an tslándáil a chaomhnú i gcás mórimeachtaí.

(8) Bhí sé d'aidhm ag Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/372/CGB ón gComhairle[38] malartú faisnéise agus eolais a mhéadú idir údaráis chustaim agus údaráis eile um fhorfheidhmiú an dlí, go háirithe maidir le drugaí. Tá an ghníomhaíocht chomhpháirteach sin imithe as feidhm ó tháinig Gníomh 98/C 24/01 ón gComhairle[39] i bhfeidhm, gníomh lenar dréachtaíodh Coinbhinsiún Napoli, lenar tugadh rialacha mionsonraithe isteach maidir le cúnamh agus comhar frithpháirteach idir na Ballstáit chun sáruithe forálacha náisiúnta custaim a chosc agus a bhrath, agus ó tháinig Cinneadh 2009/917/CGB ón gComhairle[40] i bhfeidhm, cinneadh lenar méadaíodh ar éifeachtacht nósanna imeachta comhair agus rialaithe na n-údarás custaim trí chóras faisnéise custaim (CIS) a bhunú agus ó tháinig Cinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle i bhfeidhm, cinneadh lenar cuireadh an cúram ar Europol tacú le comhar custaim.

(9) Bhí sé d'aidhm ag Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/427/CGB ón gComhairle[41] maidir le dea-chleachtas i gcúnamh frithpháirteach dlíthiúil in Ábhair Choiriúla dea-chleachtas a mhalartú idir na Ballstáit ar mhaithe le hiarrataí ar chúnamh dlíthiúil in ábhair choiriúla a chomhlíonadh. Tá an ghníomhaíocht chomhpháirteach sin imithe as feidhm. Ní dhearnadh meastóireacht riamh uirthi agus níl sí ábhartha a thuilleadh, *de facto*, ó tháinig an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir na Ballstáit.

(10) Tá feidhm ag Gníomh 1999/C 26/07 ón gComhairle[42] fós maidir leis na baill foirne a d'fhostaigh Europol sular tháinig Cinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle i bhfeidhm. Mar sin féin, tiocfaidh deireadh go luath leis na conarthaí fostaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair, rud a fhágfaidh nach mbeidh feidhm ag na rialacháin foirne sin níos mó.

---

35 Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

36 Cinneadh 2002/348/CGB ón gComhairle an 25 Aibreán 2002 maidir le slándáil i dtaca le cluichí sacair idirnáisiúnta (IO L 121, 8.5.2002, lch. 1).

37 Cinneadh 2007/412/CGB ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007 lena leasaítear Cinneadh 2002/348/CGB maidir le slándáil i dtaca le cluichí sacair idirnáisiúnta (IO L 155, 15.6.2007, lch. 76).

38 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/372/CGB ón gComhairle an 9 Meitheamh 1997 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, chun critéir spriocdhírithe agus modhanna roghnúcháin a scagadh agus chun faisnéis chustaim agus phóilíneachta a bhailiú (IO L 159, 17.6.1997, lch. 1).

39 Gníomh 98/C 24/01 ón gComhairle an 18 Nollaig 1997 lena ndréachtaítear, ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Coinbhinsiún um chúnamh agus comhar frithpháirteach idir lucht riaracháin custaim (Coinbhinsiún Napoli) (IO C 24, 23.1.1998).

40 Cinneadh 2009/917/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le húsáid teicneolaíochta faisnéise chun críocha custaim (IO L 323, 10.12.2009, lch. 20).

41 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/427/CGB ón gComhairle an 29 Meitheamh 1998 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le dea-chleachtas i gcúnamh frithpháirteach dlíthiúil in ábhair choiriúla (IO L 191, 7.7.1998, lch. 1).

42 Gníomh 1999/C 26/07 ón gComhairle an 3 Nollaig 1998 lena leagtar síos na rialacháin foirne is infheidhme maidir le fostaithe Europol (IO C 26, 30.1.1999, p. 23).

(11) Ar mhaithe le deimhneacht agus soiléire dhlithiúil, ba cheart na gníomhaíochtaí comhpháirteacha sin atá imithe as feidhm agus an Gníomh sin ón gComhairle a aisghairm.

(12) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon aisghairm roinnt gníomhartha de chuid an Aontais i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla atá imithe as feidhm, a bhaint amach agus nach féidir é a bhaint amach ach ar leibhéal an Aontais, comhlíonann an Rialachán seo ceanglais phrionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(13) I gcomhréir le hAirteagal 1 den Phrótacal (Uimh. 22) maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo.

(14) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótacal (Uimh. 21) maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl na Ballstáit sin rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Gníomhartha atá imithe as feidhm a aisghairm

Aisghairtear Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha 96/610/CGB, 96/699/CGB, 96/747/CGB, 96/750/CGB, 97/339/CGB, 97/372/CGB, 98/427/CGB agus Gníomh 1999/C 26/07 ón gComhairle.

Airteagal 2
Forálacha idirthréimhseacha

Beidh na conarthaí a tugadh i gcrích faoi Ghníomh 1999/C 26/07 ón gComhairle fós á rialú ag an ngníomh sin.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*